

# Aguisín B: Gluais na bpríomhchoincheapa

## Teibíocht/Teibiú

Cruthaítear teibíocht trí phatrúin a shainaithint agus gnéithe comónta a dhealú ó shamplaí ar leith chun ginearálú a dhéanamh. Ach úsáid a bhaint as réitigh ghinearálaithe agus píosaí de réitigh a dearadh i gcomhair athúsáid leathan, déantar simpliú ar an bpróiseas forbartha agus is fusa déileáil le castacht.

## Sonraí

Foghlaimíodh an scoláire conas a bhailítear agus a úsáidtear sonraí faoi féin agus faoina shaol. Déantar sonraí a bhailiú agus a stóráil ionas gur féidir iad a anailísiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an saol agus réamh-mheastacháin níos cruinne a dhéanamh.

Bailítear sonraí le huirlisí agus le próisis ríomhaireachtúla agus neamh-ríomhaireachtúla araon.

## Ríomhchórais

Cuimsítear i ríomhchóras cruá-earraí, bogearraí, próisis ríomhaireachtúla agus líonraí agus úsáideoirí. Forbróidh an scoláire scileanna ríomhchlárúcháin, anailíse agus deartha mar aon leis an eolas ar chruá-earraí a theastaíonn chun feidhmchláir líonra/Idirlín/néalbhunaithe a chruthú. Foghlaimíodh sé faoin gcaoi a ndéanann fearais ríomhaireachta (cosúil le fearais chliste, ríomhairí deisce agus táibléid) cumarsáid lena chéile agus leis an domhan mórthimpeall orthu agus conas an bonneagar agus na córais a phleanáil agus a dhearadh chun go mbeidh sé sin in ann tarlú.

## Algartaim

Is ionann algartam agus seicheamh céimeanna a dearadh chun tasc sonracha a bhaint amach. Déantar ríomhchláir, nó cód, as algartaim chun treoracha a thabhairt d'fhearais ríomhaireachta. Foghlaimíonn an scoláire conas algartaim a léamh, a scríobh, a mhodhnú agus a thástáil, mar aon le conas algartaim atá dírithe ar an sprioc chéanna a mheas. Sainítear na focail ríomhchlárúcháin, códú agus teanga ríomhchlárúcháin mar seo a leanas:

- Is ionann ríomhchlárúchán agus an cheird ina ndéantar fadhbanna a anailísiú agus ríomhchláir a dhearadh, a scríobh, a thástáil agus a chothabháil chun na fadhbanna sin a réiteach
- Baineann códú le ríomhchláir a scríobh i dteanga ríomhchlárúcháin
- Is ionann an teanga ríomhchlárúcháin agus an teanga fhoirmiúil a úsáidtear chun treoir a thabhairt do ríomhaire.

### **Meastóireacht bogearraí**

Baineann meastóireacht bogearraí leis an bpróiseas ina gcinntear cibé arb é an ríomhchlár nó an teaghlaim ríomhchlár an réiteach is fearr ar fhadhb nó ar thasc faoi leith. Ba chóir imthosca amhail féidearthacht, éifeachtúlacht agus úsáid eiticiúil a chur san áireamh sa phróiseas meastóireachta.

### **Tástáil bogearraí**

Is ionann tástáil bogearraí agus an próiseas ina ndéantar earráidí (fabhtanna) a aimsiú agus a cheartú i ríomhchlár nó i gcóras agus lena gcinntítear go dtáirgeann an ríomhchlár an t-aschur a bhí beartaithe. Áirítear leis an dífhabhtú earráidí, bearnaí, agus feidhmeanna riachtanacha atá ar iarraidh a shainaithint.

### **Cur chuige heorastúil**

Baineann cur chuige heorastúil le fadhbanna a réiteach trí neas-réiteach a dhéanamh ar an bhfadhb. Is féidir é sin a úsáid nuair a bhíonn am agus acmhainní teoranta. D'fhéadfadh sé nach furasta an fhadhb a réiteach ag úsáid modhanna traidisiúnta nó modhanna caighdeánacha ach ba chóir go ndíreofar ar an réiteach is fearr is gaire dó a bhaint amach. D'fhéadfadh sé go gcaillfí beaichte, cruinneas, feidhmíocht bharrmhaith nó críochnúlacht dá bharr.